

# **AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA UM OIDEACHAS SPEISIALTA**

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010**



# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais**

---

### **CLÁR ÁBHAR**

### **LEATHANACH**

EOLAS	2
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	3
RÁITEAS UM CHÚRAIMÍ NA COMHAIRLE	4
RÁITEAS UM RIALÁIL AIRGEADAIS INMHEÁNACH	5 - 6
RÁITEAS UM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	7
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	8
CLÁR COMHARDAITHE	9
RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID	10
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	11 - 14

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Eolas**

---

### **Baill Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachais Speisialta arna gceapadh ar feadh téarma trí bliana chuig 31 Nollaig 2012:**

An tUas. Sydney Blain (Cathaoirleach)

An Dr. Seamus Hegarty

An tSr. Maighrhead Ní Ghallchobhair

An tUas. Tom O'Sullivan

Iníon Teresa Griffin

An tUas. Don Mahon

An Dr. Anne Lodge

Iníon Joan Russell

An tUas. Pat Kinsella

Iníon Julie O'Leary

Iníon Marie Kennedy (a d'éirigh as 12 Samhain 2010)

Iníon Siobhán Barron

An tUas. Mick Coughlan

### **Príomhfheidhmeannach:**

An tUas. Pat Curtin (a chuaigh ar scor mí na Nollag 2010)



## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

---

#### An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu siúd, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, den Chlár Comhardaithe, den Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus de na nótaí gaolmhara. Is é an dlí infheidhmithe agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn an chreatlach tuairiscithe airgeadais ar baineadh feidhm aisti agus na ráitis á n-ullmhú.

#### Cúraimí Bhaill na Comhairle

Is í an Chomhairle atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar ghnóthaí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

#### Cúraimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an cúram atá ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann leis na comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta don Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhall le Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

#### Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Baineann fáil na fianaise i leith na suimeanna agus na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar leor í chun ráthaíocht réasúnach a thabhairt gur saor iad na ráitis airgeadais ó mhíríteas nithiúil, bíodh sé trí chalaíocht trí earráid. Áirítear leis sin measúnú

- an iomchuí iad na beartais chuntasaíochta d'imthosca na Comhairle, agus ar cuireadh chun feidhme go comhsheasmhach agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta mór a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais féin.

Féachaimse freisin le fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Ina theannta sin is amhlaidh a léimse gach eolas airgeadais agus neamhairgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí nithiúla a aithint i gcodarsnacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithnín na himpleachtaí do mo thuarascáilse má éirím feasach d'aon mhíríteas nó neamhréireacht nithiúil dhealraitheach.

#### Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gcomhréir leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar chúrsaí na Comhairle ag 31 Nollaig 2010 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúil coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

#### Cúrsaí ar a dtuairiscímse trí eisceacht

Tuairiscímse trí eisceacht mura

- bhfuair mé gach eolas agus míniú ar theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadhsa aon ásc nithiúil nár cuireadh airgid chun feidhme chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh ná nár chomhaill na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, ná
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, ná
- nach léirítear sa Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach comhlíonadh na Comhairle leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighimse aon chás nithiúil eile i ndáil leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

**Andrew Harkness**

**Ar son agus thar ceann:**

**An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste**

**Meitheamh 2011**

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Ráiteas um Chúraimí na Comhairle**

---

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) faoin Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004 agus foráiltear san Acht sin go gcoinníonn an NCSE leabhair chuntais chui i leith gach ioncam agus caiteachas de chuid na NCSE, agus i leith fhoinsí an ioncaim úd agus ábhar an chaiteachais úd, agus i leith mhaoin, chreidmheasanna agus dhliteanais na NCSE. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ag an gComhairle, ní foláir di:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt ar réasúnta agus stuama iad;
- Sonrú ar comhalladh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura neamhoiriúnach é chun talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mbun feidhme.

Is é an Bord áta freagrach freisin as sócmhainní an NCSE a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghabháil chun an chalaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Thar ceann na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**

---

**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach

---

### Freagracht as an gCóras Rialála Airgeadais Inmheánach

Is amhlaidh thar ceann bhail Chomhairle na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a ghlacaim freagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialála airgeadais inmheánaí á chothabháil agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthú réasúnta a sholáthar, nach ráthú iomlán é, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí eile coiscthe nó braite in achar tráthúil.

### Eochair-Nósanna Imeachta Rialála

Tá céimeanna tógtha ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú:

- trína chinntiú go gcomhallann an NCSE lena hoibleagáidí airgeadais faoin Acht
- trí chúraimí an lucht bainistíochta a shainiú go soiléir laistigh de struchtúr eagrúcháin sainithe le leithdheighilt dualgas shoiléir ann
- trí nósanna imeachta rialála iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- trí choistí iomchuí de chuid na Comhairle a bhunú chun béim níos mó a chur ar limistéir ar leith
- trí fheidhm iniúchta inmheánach a bhunú agus
- trí phróisis a bhunú chun priacail ghnó a aithint agus a mheasúnú

Tá an córas rialála airgeadais inmheánaí bunaithe ar chreatlach leis an aidhm chun eolas bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin (lena n-áirítear leithdheighilt na ndualgas, teorainneacha údarúcháin agus lámhleabhar faisnéisithe um nósanna imeachta), agus córas tarmligthe agus cuntasafóchta a sholáthar. Áirítear leis go sonrath:

- córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil aige, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an gComhairle sula gcuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Oilteachtaí é;
- buiséad oibriúcháin arna chomhaontú ag an gComhairle bunaithe ar theorainneacha buiséid fhorordaithe arna socrú ag an Roinn Oideachais agus Oilteachtaí;
- athbhreithniú mionsonraithe ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thuarascálacha míosúla agus nuashonraithe ina dtástar feidhmíocht airgeadais os coinne an bhuiséid;
- athbhreithniú rialta ag Feidhmeannacht na Comhairle ar thuiriscí airgeadais agus ar eochair-tháscairí oibriúcháin agus
- treoirlínte atá sainithe go soiléir don soláthar agus don tairiscint.

# **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

## **Ráiteas um Rialáil Airgeadais Inmheánach**

---

Is é an coiste iniúchta, arna cheapadh ag an gComhairle, a athbhreithníonn na ráitis airgeadais bhliantúla agus a mhaoirsíonn forfheidhmiú éifeachtach na feidhme iniúchta inmheánaí agus aon saincheist a éiríonn aníos i ndáil leis an iniúchadh seachtrach. Rinne an coiste iniúchta athbhreithniú ar thuiriscí iniúchta inmheánaigh agus thuiriscigh chuig an gComhairle orthu siúd. Choimisiúnaigh an Chomhairle comhairligh sheachtracha i gcaitheamh na bliana 2010 chun dul i mbun athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar Chóras Rialálacha Inmheánacha Airgeadais na NCSE.

Cheap an Chomhairle coiste airgeadais freisin ina ndéantar athbhreithniú ar ullmhú na ndrúachtbhuiséad, ar fhorfheidhmiú an bhuiséid oibriúcháin chomhaontaithe, a scrúdaíonn na cuntais agus a athbhreithníonn na rialálacha airgeadais. D'athbhreithnigh sí freisin na ráitis airgeadais úd agus thug a thuairim don choiste iniúchta.

Is iad coiste iniúchta, an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus foireann bainistíochta na Feidhmeannachta a mhúnláíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaí.

### **Athbhreithniú Bliantúil ar Rialálacha**

Deimhním i ndáil leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2010 go ndearna an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaí.

**Sínithe thar ceann na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**  
**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

\_\_\_\_\_ (Dáta)



# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta

---

### 1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasaíochta i gcomhréir leis na príonsabail chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus comhallann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais den Bhord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

### 2. Tréimhse Chuntasaíochta

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain idir 1 Eanáir 2010 agus 31 Nollaig 2010.

### 3. Ioncam

Is ionann an t-ioncam agus an tsuim a íoctar go díreach leis an NCSE ón Roinn Oideachais agus Oilteachtaí don bhliain trí mheán deontais i gcomhréir le hAlt 43 den Acht EPSEN.

### 4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Sloinntear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Foráiltear don dímheas ar bhonn dronlíneach ag rátaí a mheastar chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar an mbeatha úsáideach a mbítear ag dúil uathu mar seo a leanas:

Troscán & feistis	10 mbliana	Trealamh Ríomhaireachta	5 bliana
Trealamh Oifige	5 bliana	Athchóiriú Léasach	19 bliain
Bogearraí	3 bhliain		
Ríomhaireachta			

Leagtar amach beartas na NCSE maidir le soláthar agus diúscairt sócmhainní seasta na NCSE ina Beartas Airgeadais agus ina Lámhleabhar Nósanna Imeachta atá i gcomhréir le ciorcláin na Roinne Airgeadais, leis na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

### 5. Cuntas Caipitiúil

Is ionann an Cuntas Caipitiúil agus luach neamh-amúchta an ioncain as a mbaintear leas chun sócmhainní seasta a chistiú.

### 6. Pinsin

Foráiltear in alt 25 (5) den Acht gur státseirbhísigh atá i bhfoireann na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is scéimeanna sochair shainithe atá i Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse agus atá neamhchistithe agus arna riaradh ag an Roinn Airgeadais. Ní ghearttar aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos maidir leis an bhfoireann úd. Is leis an Roinn Airgeadais a aisíoctar ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail.

Na baill fhoirne a fhaigheann an NCSE ar iasacht ó eagrais eile na hearnála poiblí; leanann siad ar aghaidh le ballraíocht den scéim pinsin arb íomchuí don fhostaíocht óna bhfaightear ar

iasacht iad. Íoctar suimeanna chun costas an tsoláthair phinsin a chlúdach, lena n-áirítear ranníocaíochtaí foirne, leis an Roinn Oideachais agus Oilteachtaí i ndáil le foireann na NCSE ar oidí bunscoile, meánscoile, pobalscoile agus scoile cuimsithí iad agus leis na Coistí Gairmoideachais i ndáil leis an bhfoireann ar oidí Choiste Gairmoideachais ar iasacht iad. Níor tugadh aon fhoireann ar iasacht don NCSE sa bhliain 2010.

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

---

	Nótaí	2010 €	2009 €
Deontas Stáit	1	8,216,000	9,250,000
Aistriú ón gCuntas Caipitiúil	9	119,499	193,769
Ioncam Eile	2	<u>13,545</u>	<u>22,175</u>
		8,349,044	9,465,944
<b>Caiteachas</b>	3	(8,582,886)	(9,622,765)
Easnamh		<u>(233,842)</u>	<u>(156,821)</u>
Barrachas amhail an 1 Eanáir		667,116	823,937
Barrachas amhail an 31 Nollaig		433,274	667,116

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann sa bhliain, seachas iad siúd ar pléadh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 chuig 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann na Comhairle:**

---

**Cathaoirleach**

---

**Príomhfheidhmeannach**

---

**Dáta**

---

**Dáta**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	6	689,761	809,260
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	7	150,856	57,814
Airgead ar Láimh		<u>936,222</u>	<u>1,194,719</u>
<b>Iomlán Sócmhainní Reatha</b>		1,087,078	1,252,533
<b>CREIDIÚNAITHE</b>			
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	8	<u>653,804</u>	<u>585,417</u>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
		433,274	667,116
<b>Iomlán Sócmhainní líude dliteantais reatha</b>		<u>1,123,035</u>	<u>1,476,376</u>
<b>ARNA gCISTIÚ AG</b>			
Barrachas carntha an ioncaim thar chaiteachas		433,274	667,116
Cuntas Caipitiúil	9	<u>689,761</u>	<u>809,260</u>
<b>Caipiteal Iomlán</b>		<u>1,123,035</u>	<u>1,476,376</u>

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 chuig 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann na Comhairle:

\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach

\_\_\_\_\_  
Príomhfheidhmeannach

\_\_\_\_\_  
Dáta

\_\_\_\_\_  
Dáta

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Ráiteas um Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
<b>Réiteach an bharrachas oibriúcháin le hinsreabhadh airgid ghlan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Easnamh oibriúcháin don bhliain		(233,842)	(156,821)
Dímheas	6	153,475	246,474
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	6	401	-
Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil	9	(119,499)	(193,769)
Ús Tuillte		(3,468)	(5,778)
Laghdú/ (méadú) i bhféichiúnaithe (Laghdú) / méadú i gcreidiúnaithe		(94,454)	72,935
		<u>68,387</u>	<u>(551,426)</u>
Glan-eisreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		(229,000)	(588,385)
<b>Fáltais ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais</b>			
Ús faighte		4,880	2,119
<b>Glanchaiteachas Caipitiúil</b>			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a shealbhú	6	(34,377)	(52,705)
		<u>(258,497)</u>	<u>(638,971)</u>

### RÉITEACH AN GHLANSREAFÁ AIRGID LE GLUAISEACHT SNA GLANCHISTÍ

Glanchistí ag 1 Eanáir	1,194,719	1,833,690
Glanchistí ag 31 Nollaig	<u>936,222</u>	<u>1,194,719</u>
<b>Laghdú in airgead</b>	<u>(258,497)</u>	<u>(638,971)</u>

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 chuig 15 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Thar ceann na Comhairle:**

\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach

\_\_\_\_\_  
Príomhfheidhmeannach

\_\_\_\_\_  
Dáta

\_\_\_\_\_  
Dáta

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1.	IONCAM	2010 €	2009 €
	Chuir an Roinne Oideachais agus Oilteachtaí na cistí seo a leanas ar fáil don Chomhairle		
	Deontas don Chomhairle	<u>8,216,000</u>	<u>9,250,000</u>
2.	IONCAM EILE	2010 €	2009 €
	Ús Bainc	3,468	5,778
	An tSaoráil Faisnéise	100	-
	Aisíocaíochtaí gutháin ón bhfoireann	<u>9,977</u>	<u>16,397</u>
		<u>13,545</u>	<u>22,175</u>
3.	CAITEACHAS	2010 €	2009 €
	Clóbhualadh, postas agus stáiseanáireacht	111,383	113,059
	Cíos agus rátaí	390,622	371,490
	Guthán	245,018	279,739
	Solas agus Teas	31,630	40,871
	Deisiúcháin agus Cothabháil	97,871	103,663
	Oiliúint agus Forbairt	76,178	97,701
	Caiteachais taistil agus chothabhála	227,927	274,598
	Caiteachas chruinnithe	27,957	35,979
	Caiteachais ghinearálta	4,365	6,661
	Caiteachtas taighde	341,251	608,435
	Caiteachais TF	192,135	212,506
	Seirbhísí Foinsithe Allamuigh & Táillí Comhairleoireachta	41,323	20,371
	Táille Iniúchta Inmheánaigh	6,480	11,645
	Táille Iniúchta Sheachtraigh	11,280	11,280
	Táillí Cuntasáíochta	6,739	8,055
	Táillí Dlí	709	1,940
	Pá agus tuarastail (Nóta 4)	6,156,153	6,686,645
	Costais Leasa Shóisialaigh	459,989	491,653
	Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	401	-
	Dímheas	<u>153,475</u>	<u>246,474</u>
	Caiteachas Iomlán	<u>8,582,886</u>	<u>9,622,765</u>

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 4. PÁ AGUS TUARASTAIL

Táthar ag cur chun feidhme beartais an Rialtais i ndáil le pá an phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid comhlachtaí stáit. B'ionann an líon foirne a fostaíodh ag an gComhairle ag deireadh na bliana 2010 agus 109, le 12 Eagróir Sinsearach um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SSENO), 75 Eagróir um Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO) agus 22 líon foirne sa Cheannoifig.

B'ionann an caiteachas ar thuarastail na SSENO agus na SENO agus €4,788,605 agus ar thuarastail an lín foirne sa Cheannoifig agus €1,367,548, arbh ionann agus €6,156,153 san iomlán iad. Asbhaineadh ranníocaíochtaí aoisliúntais arbh fhiú €301,955 iad ó thuarastail foirne agus aisíocadh leis an Roinn Airgeadais iad. Ina theannta sin ab amhlaidh a rinneadh asbhaintí tobhaigh phinsin arbh fhiú €426,056 iad de thuarastail foirne, agus aisíocadh leis an Roinn Oideachais agus Oilteachtaí iad.

### 5. CAITEACHAIS, TÁILLÍ STIÚRTHÓIRÍ AGUS LUACHT SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Táthar ag cur chun feidhme treoirlínte an Rialtais i leith íoc táillí an stiúrthóra. Níor íocadh aon táille sa bhliain 2010 le baill chomhairle aonair. B'ionann an t-iomlán a íocadh as caiteachas taistil & cothabhála arna éileamh ag na baill bhoird sa bhliain 2010 agus €6,598 (€9,714 sa bhliain 2009).

Is Ard-Rúnaí Cúntach de chuid na státseirbhíse atá sa Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (CEO). B'ionann an tuarastal bliantúil iomlán a íocadh leis an CEO sa bhliain agus €145,886 (€150,712 sa bhliain 2009). Is ball den scéim aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe é an CEO agus ní shíneann na teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime - féach freisin Nóta 6 de Ráiteas na NCSE um Beartais Chuntasaíochta.

### 6. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Athchóiri ú Léasach	Trealamh Oifige	Troscán	Trealamh Ríomhaire achta	Bogearraí Ríomhaire achta	Iomlán
Costas	€	€	€	€	€	€
Ag 31 Nollaig 2009	610,351	50,670	253,552	571,807	332,982	1,819,362
Breiseáin		12,118	11,042	4,103	7,114	34,377
Diúscairtí	-	(6,316)	(364)	(96,049)	-	(102,729)
Amhail an 31 Nollaig 2010	<u>610,351</u>	<u>56,472</u>	<u>264,230</u>	<u>479,861</u>	<u>340,096</u>	<u>1,751,010</u>
<b>Dímheas Carntha</b>						
Ag 31 Nollaig 2009	160,620	37,778	93,343	448,863	269,498	1,010,102
Muirear don bhliain	32,124	7,212	26,070	40,798	47,271	153,475
Diúscairtí	-	(6,316)	(192)	(95,820)	-	(102,328)
Ag 31 Nollaig 2010	<u>192,744</u>	<u>38,674</u>	<u>119,221</u>	<u>393,841</u>	<u>316,769</u>	<u>1,061,249</u>

**Leabharluach Glan**

Ag 31 Nollaig 2009	<u>449,731</u>	<u>12,892</u>	<u>160,208</u>	<u>122,944</u>	<u>63,485</u>	<u>809,260</u>
Ag 31 Nollaig 2010	<u>417,608</u>	<u>17,798</u>	<u>145,009</u>	<u>86,020</u>	<u>23,327</u>	<u>689,761</u>



# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

---

<b>7. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Réamhíocaíochtaí	140,120	41,525
Oifig na nOibreacha Poiblí	8,068	12,630
Féichiúnaí ilghnéitheach	420	-
Ús Fabhráithe	<u>2,248</u>	<u>3,659</u>
	<u>150,856</u>	<u>57,814</u>
<b>8. CREIDIÚNAITHE</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
ÍMAT	77,937	88,965
ÁSPC	64,673	66,921
Asbhaintí Párolla Eile	3,470	4,369
Creidiúnaithe is Soláthróirí	98,392	107,891
CBL Iníoctha	6,191	10,427
Fabhruithe	396,792	290,204
PSWT	<u>6,349</u>	<u>16,640</u>
	<u>653,804</u>	<u>585,417</u>
<b>9. CUNTAS CAIPITIÚIL</b>	<b>2010</b>	<b>2009</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid Oscailte	809,260	1,003,028
Ioncam as ar baineadh leas chun Sócmhainní a shealbhú	34,377	52,705
Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne	(153,475)	(246,474)
Suim scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní seasta	<u>(401)</u>	=
Aistriú (chuig)/ ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	(119,499)	(193,769)
Iarmhéid Dúnta	<u>689,761</u>	<u>809,260</u>

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

### 10. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an NCSE gréasán 41 oifig ar fud an Stáit, lena n-áirítear a Ceannteathrú i mBaile Átha Troim, Contae na Mí. Is ar cíós a fhaightear tromlach na n-oifigí ó aonáin arna gcistiú ag an Rialtas. Oibrítear sé cinn d'oifigí trí chomhaontuithe léasa\* idir an NCSE agus comhlachtaí tráchtála.

Na comhaontuithe ligin ag an NCSE le 6 chomhlacht tráchtála:

Léas 1 ar feadh 2 bhliain ag tosú Deireadh Fómhair 2007 agus atá tar éis dul in éag

Léas 2 ar feadh 4 bliana 9 mí ag tosú i mí Eanáir 2008

Léas 3 ar feadh 4 bliana 11 mí ag tosú i mí an Mhárta 2008

Léas 4 ar feadh 4 bliana 9 mí ag tosú i mí Aibreáin 2008

Léas 5 ar feadh 4 bliana 9 mí ag tosú i mí na Nollag 2008

Léas 6 ar feadh 4 bliana 9 mí ag tosú i mí Aibreáin 2010

Is ionann an muirear cíosa bliantúil don Chuntas Ioncaim & Caiteachais i leith na gcomhaontuithe léasa sin agus €58,770. Tá na tiomantais bhliantúla seo a leanas ag an NCSE faoi na léasanna oibriúcháin, a rachaidh in éag

	2010	2009
	€	€
laistigh de bhliain amháin	0	867
idir blianta 2 agus 5	53,570	42,508
ag dul in éag dá éis sin	-	-

\*Ní thagann na comhaontuithe seo faoi réir athbhreithnithe cíosa.

### 11. ÁITREABH

Tá an NCSE i seilbh áitribh ag 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí faoi chomhaontú cíosa le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is ar feadh téarma 20 bliain a mhaireann an comhaontú sin, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004. Ina theannta sin is amhlaidh atá comhaontuithe cíosa ag an gComhairle i leith 43 maoin eile ag ionaid éagsúla ar fud na tíre (lena n-áirítear maoin ina bhfuil 3 oifig de chuid na NCSE a dúnadh le foirceannadh na gcomhaontuithe cíosa sa bhliain 2010 agus 3 mhaoin nua i bhfoirm oifigí ionaid). Is ionann an muirear cíós bliantúil iomlána a áirítear leis na ráitis airgeadais don bhliain 2010 agus €390,622.

### 12. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanas teagmhasach ann.

### 13. IMEACHTAÍ IAR-CHLÁIR CHOMHARDAITHE

Níor tharla aon imeacht shuntasach iar-chláir chomhardaithe.

**14. BAILL NA COMHAIRLE - NOCHTADH LEASANNA**

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta i gcomhréir le Cód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna bhaill na Comhairle.

Fuair Ball Comhairle amháin íocaíocht €6,000 sa bhliain 2010 i dtaca le seirbhísí gairmiúla arna soláthar don Chomhairle. Thug an Roinn Airgeadais cead don íocaíocht i ndáil leis na seirbhísí gairmiúla úd.

**15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 30 Márta 2011.